2024/2958

2.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2958 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena gcinntear na táscairí aschuir ábhartha le haghaidh Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, agus chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/988 a chomhlíonadh go héifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit, mar a luaitear in Aithris 65 den Rialachán sin, acmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear buiséad agus foireann, a ghealladh do ghníomhaíochtaí faireachais margaidh. Le hacmhainní leordhóthanacha, tá na húdaráis um fhaireachas margaidh in ann imscrúduithe críochnúla a dhéanamh, táirgí contúirteacha a shainaithint, comhoibriú tríd an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate faoi Airteagail 25 agus 26 de Rialachán (AE) 2023/988, agus freagairt go pras ar rioscaí atá ag teacht chun cinn sa mhargadh. Thairis sin, trí leibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta táirgí a chaomhnú, áirithítear iomaíocht chóir i measc gnólachtaí le hardleibhéal faireachais margaidh. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtuairisceoidh na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha ar bhealach measta, ar na hacmhainní a leithdháiltear chun Rialachán (AE) 2023/988 a chur chun feidhme nó ar ghníomhaíochtaí faireachais margaidh go ginearálta, i gcás ina bhfuil sé dúshlánach idirdhealú a dhéanamh idir gníomhaíochtaí faireachais faoi Rialachán (AE) 2023/988 agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh eile.

(2) Le Rialachán (AE) 2023/988, cuirtear modhanna éagsúla ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil táirgí atá ar fáil ar mhargadh an Aontais sábháilte. Áirítear orthu sin raon cumhachtaí chun dul i ngleic le dúshláin faireachais margaidh, agus go háirithe díolacháin ar líne agus ciandíolacháin, mar aon le gníomhaíochtaí comhordúcháin le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a mhéid a chuirtear Rialachán (AE) 2023/988 chun feidhme agus a chuirtear i bhfeidhm é maidir lena acmhainneacht iomlán a thomhas.

(3) Ba cheart do na Ballstáit sonraí a chur in iúl i gcomhréir leis na táscairí lena dtomhaistear torthaí a seiceálacha maidir le comhlíonadh Rialachán (AE) 2023/988. Ba cheart baint a bheith ag an tuairisciú sin le líon agus cineálacha na dtáirgí nó na ngrúpaí táirgí a tástáladh agus a sainaithníodh mar tháirgí contúirteacha. Ba cheart baint a bheith aige freisin le haon ghníomhaíocht faireachais margaidh eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hoibreoirí eacnamaíocha agus soláthraithe margaí ar líne; faisnéis fhíor-riachtanach faoi shábháilteacht agus inrianaitheacht táirgí a thaispeántar ar tháirgí, mar shampla, sonraí na ndaoine atá freagrach; agus doiciméadacht ábhartha. Ba cheart a áireamh sa tuairisciú sin táscairí maidir le saincheisteanna sábháilteachta ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara eile, cumarsáid agus comhar le hoibreoirí eacnamaíocha agus bearta a fhorchuirtear i leith sáruithe ar an Rialachán.

(4) Chun cumarsáid sonraí a éascú de bhun na dtáscairí aschuir a bhunaítear sa Rialachán seo, forbróidh ranna an Choimisiúin, in éineacht leis an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí, teimpléad caighdeánaithe lena bhféadfar an fhaisnéis is gá a chur in iúl ar bhealach caighdeánaithe nó chun an fhoinse trína bhféadfadh an Coimisiún an fhaisnéis a rochtain agus a phróiseáil go díreach i bhformáid leictreonach a léiriú.

([1]) IO L 135, 23.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj.

(5) I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na sonraí a sholáthar ar bhealach comhiomlánaithe agus/nó táscach.

(6) Níor cheart ualach nach bhfuil gá leis a chruthú do na Ballstáit leis na táscairí aschuir faoin Rialachán Cur Chun Feidhme seo, lena n-áirítear oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a d'fhéadfadh a bheith ann.

(7) Níor cheart go ndéanfadh oibleagáid tuairiscithe faoin Rialachán Cur Chun Feidhme seo dúbailt ar a n-oibleagáid faoi Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus go háirithe faisnéis atá le cur in iúl don chóras faisnéise agus cumarsáide maidir le faireachas margaidh (ICSMS) dá dtagraítear in Airteagal 34 de ná ar a n-oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta don Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate faoi Airteagal 26 (1) agus (7) de Rialachán (AE) 2023/988.

(8) Dá bhrí sin, chun críoch tuairiscithe faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2023/988, féadfaidh na Ballstáit a léiriú gur cuireadh an fhaisnéis atá ábhartha do tháscaire sonrach in iúl don Choimisiún cheana féin trí aon mhodh eile nó go bhfuil sí ar fáil don Choimisiún cheana féin.

(9) I gcás inarb ábhartha, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe eile de chur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/988, fiú mura gcumhdaítear iad sin go díreach le ceann de na táscairí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(10) Bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit, mar aon le faisnéis eile atá ar fáil don Choimisiún, ba cheart dó tuarascáil achomair a tharraingt suas gach bliain agus í sin a chur ar fáil don phobal.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste le haghaidh an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2023/988,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Táscairí aschuir

Bunaítear leis an Rialachán seo na táscairí aschuir ar ar a mbonn a chuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2023/988 in iúl don Choimisiún.

Leagtar an liosta de tháscairí aschuir amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tuairisciú

Cuirfidh na Ballstáit na sonraí a luaitear in Airteagal 1 in iúl ar bhealach comhdhlúite maidir lena n-údaráis uile um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú faoi Rialachán (AE) 2023/988 faoin 22 Nollaig 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táscairí aschuir dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo

(1) Acmhainní arna leithdháileadh ar údaráis um fhaireachas margaidh (foireann agus buiséad, a d'fhéadfaí a chur in iúl trí fhigiúirí comhiomlánaithe agus/nó táscacha lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí faireachais margaidh uile Ballstáit);

(2) Líon na ngearán ó thomhaltóirí nó ó pháirtithe leasmhara eile a fuair na húdaráis um fhaireachas margaidh faoi Airteagal 33(4) (seachas faisnéis a seoladh faoi Airteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2023/988);

(3) Líon agus cineál na seiceálacha ar chomhlíonadh Rialachán (AE) 2023/988 (táirgí nó grúpaí táirgí a seiceáladh, módúlachtaí agus cineálacha seiceálacha);

(4) Líon na n-iarrataí ar chúnamh frithpháirteach arna gcur i gcrích ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus iad roinnte ina n-iarrataí ar fhaisnéis agus ina n-iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin;

(5) Líon agus cineál na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha nó na mbeart ceartaitheach arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta nó ag oibreoirí eacnamaíocha (i gcás ina gceanglaíonn údaráis náisiúnta é nó nuair is eol dóibh ar bhealach eile) chun sábháilteacht táirgí a áirithiú (seachas bearta ar tugadh fógra fúthu faoi Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2023/988 don Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate);

(6) Líon agus luach na bpionós arna bhforchur in aghaidh an chineáil sáraithe, lena n-áirítear cásanna nár fhreagair oibreoirí eacnamaíocha nó soláthraithe margaí ar líne iarraidh faoi Airteagail 15 nó 22 de Rialachán (AE) 2023/988 laistigh den sprioc-am a leag an t-údarás um fhaireachas margaidh síos.

Áiritheoidh na Ballstáit, agus na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo á gcur in iúl acu, go mbainfidh sé sin leis na húdaráis uile um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú faoi Rialachán (AE) 2023/988.